Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8487/21**

**POLGEN 62**
**INST 173**
**JUR 253**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas |

**CINNEADH (AE) 2021/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2020/430[1] ón gComhairle, tugadh isteach maolú míosa amháin ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle[2] a mhéid a bhaineann le cinntí chun an gnáthnós imeachta i scríbhinn a úsáid, i gcás ina ndéanfaidh Coiste Bhuanionadaithe Rialtais na mBallstát (Coreper) na cinntí sin. Rinneadh foráil don mhaolú sin go dtí an 23 Aibreán 2020.

---

1 Cinneadh (AE) 2020/430 ón gComhairle an 23 Márta 2020 maidir le maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh an phaindéim COVID-19 san Aontas (IO L 88I, 24.03.2020, lch. 1).

2 Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

(2) Le Cinneadh (AE) 2020/430, foráiltear, más rud é go dtugann na himthosca eisceachtúla leanúnacha bonn cirt dó, go bhféadfaidh an Chomhairle an Cinneadh sin a athnuachan. An 21 Aibreán 2020, le Cinneadh (AE) 2020/556[1], chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go ceann tréimhse bhreise míosa, is é sin, go dtí an 23 Bealtaine 2020. An 20 Bealtaine 2020, le Cinneadh (AE) 2020/702[2], chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go dtí an 10 Iúil 2020. An 3 Iúil 2020, le Cinneadh (AE) 2020/970[3], chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 10 Meán Fómhair 2020.

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/556 ón gComhairle an 21 Aibreán 2020 lena gcuirtear síneadh leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh an phaindéim COVID-19 san Aontas (IO L 128 I, 23.4.2020, lch. 1).

[2] Cinneadh (AE) 2020/702 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430 agus arna shíneadh le Cinneadh (AE) 2020/556, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas *(*IO L 165, 27.5.2020, lch. 38).

[3] Cinneadh (AE) 2020/970 ón gComhairle an 3 Iúil 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556 agus (AE) 2020/702, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 216, 7.7.2020, lch 1).

An 4 Meán Fómhair 2020, le Cinneadh (AE) 2020/1253[1], chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 10 Samhain 2020. An 6 Samhain 2020, le Cinneadh (AE) 2020/1659[2], chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 15 Eanáir 2021. An 12 Eanáir 2021, chuir an Comhairle, le Cinneadh (AE) 2021/26[3], síneadh leis an maolú sin go dtí an 19 Márta 2021. An 12 Márta 2021, le Cinneadh (AE) 2021/454[4], chuir an Chomhairle síneadh leis an maolú sin go dtí an 21 Bealtaine 2021.

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/1253 ón gComhairle an 4 Meán Fómhair 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702 agus (AE) 2020/970, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 294, 8.9.2020, lch 1).

[2] Cinneadh (AE) 2020/1659 ón gComhairle an 6 Samhain 2020 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus arna shíneadh le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970 agus (AE) 2020/1253, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 376, 10.11.2020, lch 3).

[3] Cinneadh (AE) 2021/26 ón gComhairle an 12 Eanáir 2021lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, agus ar cuireadh síneadh leis le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253 agus (AE) 2020/1659, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 11, 14.1.2021, lch. 19).

[4] Cinneadh (AE) 2021/454 ón gComhairle an 12 Márta 2021 lena gcuirtear síneadh breise leis an maolú sealadach ar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle a tugadh isteach le Cinneadh (AE) 2020/430, i bhfianaise na ndeacrachtaí taistil a chruthaigh paindéim COVID-19 san Aontas (IO L 89, 16.3.2021, lch. 15).

(3) Ós rud é gur ann fós do na himthosca eisceachtúla a chruthaigh paindéim COVID-19, agus do roinnt bearta coisctheacha agus srianta urghnácha arna ndéanamh ag Ballstáit fós i bhfeidhm, is gá síneadh a chur leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430, a cuireadh síneadh leis le Cinntí (AE) 2020/556, (AE) 2020/702, (AE) 2020/970, (AE) 2020/1253, (AE) 2020/1659, (AE) 2021/26 agus (AE) 2021/454, go ceann tréimhse theoranta bhreise go dtí an 16 Iúil 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh breise leis an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/430 go dtí an 16 Iúil 2021.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*